Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13577/22
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0020(COD)**

CODEC 1526
AGRI 579
AGRIFIN 126
AGRIORG 113
AGRISTR 77
STATIS 50

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARMAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialachán (AE) 2022/...[+], a mhéid a bhaineann lena thábhachtaí atá sé clár a bhunú i ngach Ballstát a bheidh i seilbh na n-údarás náisiúnta inniúil maidir le húsáid táirgí um chosaint plandaí sa talmhaíocht**

Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, leagtar béim sa Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' agus sa Straitéis Bhithéagsúlachta ar an ngá atá le haistriú chuig córas bia inbhuanaithe, go háirithe trí úsáid agus riosca lotnaidicídí a laghdú 50 % faoi 2030 agus tríd an bhfeirmeoireacht orgánach agus gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta ar thalamh talmhaíochta a mhéadú.

[+] IO: Cur isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COD(2021)0020 (PE-CONS 37/22).

Faoi Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1++], ní féidir bailiú iomlán sonraí maidir le húsáid táirgí um chosaint plandaí ag úsáideoirí gairmiúla i ngníomhaíocht talmhaíochta, arb ionann é agus 95 % den úsáid i ngach Ballstát, a bhaint amach ach amháin nuair is infheidhme faoi dhlí an Aontais ceanglas dlíthiúil a chur ar úsáideoirí gairmiúla táirgí um chosaint plandaí a dtaifid a tharchur i bhformáid leictreonach chuig údaráis náisiúnta inniúla.

Aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a thábhachtaí atá sé ceanglas den sórt sin a thabhairt isteach i reachtaíocht an Aontais agus gealltanas a thabhairt go n-oibreoidh siad le chéile chun na críche sin.

**1** Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le staidreamh i ndáil le hionchur agus le haschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle (IO L ...).

++ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, an uimhir, agus san fhonóta uimhir, dáta agus tagairt foilseacháin IO an Rialacháin i ndoiciméad COD(2021)0020 (PE-CONS 37/22).

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Rialachán (AE) 2022/...[+], maidir le hobair leanúnach chun a áirithiú go mbeidh fáil ar na taifid atá le coinneáil ag úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí i bhformáid leictreonach de bhun Airteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009**

Leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc', bunaítear laghdú ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo mar phríomhchuspóir don Aontas. D'fhonn beartais éifeachtacha agus beartais a bhfuil tionchar leo a áirithiú, tá ríthábhacht le sonraí stóinsithe agus sonraí cuimsitheacha maidir le húsáid lotnaidicídí ar leibhéal na feirme. Maidir leis an obair leanúnach chun a áirithiú go mbeidh fáil ar na taifid a choinníonn úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí i bhformáid leictreonach, is toisc chumasúcháin thábhachtach í chun na hoibleagáidí tuairiscithe maidir le lotnaidicídí a chur chun feidhme, oibleagáidí ar cuid de Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2++](SAIO) iad.

Dá bhrí sin, d'ullmhaigh an Coimisiún Dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún, ar bhonn Airteagal 67(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], a mhéid a bhaineann le hinneachar agus le formáid na dtaifead ar úsáid táirgí cosanta plandaí atá le coinneáil ag úsáideoirí gairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

Dá nglacfaí an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, mar a fhoráiltear faoi láthair, dhéanfaí an coimeád taifead a cheanglaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a rialú go mionsonrach, lena n áirítear trí na heilimintí atá le taifeadadh ag na húsáideoirí gairmiúla a shainaithint, agus trína áirithiú go mbeidh na taifid sin ar fáil i bhformáid leictreonach ón 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí.

---

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COD(2021)0020 (PE-CONS 37/22).

2 Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le staidreamh i ndáil le hionchur agus le haschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle (IO L ...).

++ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, an uimhir, agus san fhonóta uimhir, dáta agus tagairt foilseacháin IO an Rialacháin atá i ndoiciméad COD(2021)0020 (PE-CONS 37/22).

3 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

Tá an dréacht den Rialachán Cur Chun Feidhme sin á phlé faoi láthair ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, an Roinn Fíteacógaisíochta – Reachtaíocht. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún tuairim an choiste a lorg de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] sna míonna amach romhainn.

Beartaíonn an Coimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a ghlacadh roimh dheireadh 2022.

---

[4] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).